Antoine Ó Finneadha

Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 25

Veiníriú agus Maircíneacht

Torthaí Foghlama

- **1.3, 1.8, 1.9, 1.10**
- **2.3, 2.11, 2.12**
- **3.8, 3.10**

Téamaí na caibidle seo:

- Buneolas a chur ar an veiníriú agus ar an maircíneacht
- Tuiscint a fháil ar na cúiseanna a úsáidtear veiníriú i ndéantúsaíocht troscán seachas adhmad soladach
- Úsáid fhiúntach a bhaint as airíonna agus as aeistéitic nádúrtha na veiníríagus déantáin á ndearadh agus á maisiú

Is minic a bhíonn veiníriú agus maircíneacht le feiceáil i dtroscán. Tá an dá phróiseas seo á n-úsáid le blianta fada. Próiseas láimhe amháin a bhíodh sa veiníriú agus sa mhaircíneacht san am atá thart. Sa lá atá inniu ann, áfach, úsáidtear meaisíní le cuid den obair a dhéanamh, e.g. leis na veiníríagus a ghearradh.



25.1 Sampla den veiníriú



25.2 Sampla den mhaircíneacht

Veiníriú

Leathán an-tanaí adhmaid is ea veinír a ghearrtar ó thamhan an chrainn. Greamaítear an veinír d'fhotha. Clár monaraithe a bhíonn san fhotha de ghnáth. Úsáidtear adhmad soladach mar fhotha freisin uaireanta. Is féidir leat airgead a spáráil ach veinír a úsáid agus déantán á dhéanamh agat. In ionad adhmad costasach soladach a úsáid, déantar veiníriú d'adhmad costasach a ghreamú d'fhotha atá níos saoire ná iad. Cabhraíonn úsáid veiníriú le cineálacha áirithe crann a chaomhnú freisin. Má dhéantar an fotha as cineál adhmaid a bhfuil soláthar maith de ann agus má dhéantar na veiníriú as cineálacha crann atá gann, ní gá a oiread céanna de na crainn sin a leagan.



25.3 **Veiníriú éagsúla**



25.4 **Páircíneacht á déanamh as píosaí veiníriú**

Veinír a Dhéanamh

I monarchana a dhéantar veiníriú de ghnáth agus déantar iad a sheachadadh ar fud an domhain. Ó thamhan an chrainn a ghearrtar an veinír. Roghnaítear na spreotaí is díríi lena ngearradh ina veiníriú. Baintear an choirt de na spreotaí ar dtús. Ansin cuirtear in uisce te iad chun snáithe an adhmaid a bhogadh. Is éasca na veiníriú a ghearradh den spreota má tá an snáithe bog agus ní scoilteann an veinír chomh minic céanna. Idir 0.6mm agus 1mm a bhíonn tiús na veiníriú. Le scian (lann) speisialta a ghearrtar iad. I gcásanna áirithe, déantar an spreota a chasadh ar dheil a fhad is atá na veiníriú á ngearradh.

Tá modhanna éagsúla gearrtha ann: gearradh rothlach, gearradh leathchruinn, sliseadh comhréidh agus sábhghearradh, mar shampla. Féach an tábla ar an gcéad leathanach eile. Bíonn cuma éagsúil ar an veinír ag brath ar an modh a úsáidtear agus oireann modhanna áirithe d'adhmad áirithe.

veinír veneer · **tamhan** trunk · **fotha** groundwork
clár monaraithe manufactured board · **monarcha** factory
spreota log · **lann** blade · **deil** lathe

Modh	Cur Síos	Úsáid
Sábhghearradh 	Le sábh a gearradh veiníriú go stairiúil. Bíonn na veiníriú seo níos tibhe ná na cinn a ghearrtar le lann. Gearrann siúinéirí a gcuid veiníriú féin le crios-sábh corruair.	veiníriú tiubha; deisiú seantroscáin
Gearradh Rothlach 	Cuirtear an spreota ar dheil agus rothlaítear é in aghaidh na lainne. Scamhann an lann leathán mór amháin den spreota. Is beag adhmad a théann amú.	sraithadhmad; veiníriú maisiúla áirithe, an mhailp dhualach, mar shampla
Gearradh Leathchruinn 	Cuirtear leathspreota ar leataobh na deile agus rothlaíonn sé in aghaidh na lainne. Modh oiriúnach is ea é má tá an spreota beag.	meascán de veiníriú corónacha agus de veiníriú a bhfuil snáithe díreach iontu
Sliseadh Comhréidh 	Anuas ar an lann a thagann an leathspreota agus déantar an sliseadh comhréidh ó thaobh go taobh. Is ann don ghearradh ceathrún, etc. chomh maith.	veinír chorónach, (sliseadh comhréidh); snáithe díreach (gearradh ceathrún)



25.5 **Veinír chorónach**



25.6 **Gearradh rothlach**

sábhghearradh saw-cutting · **gearradh rothlach** rotary cutting / rotary slicing
gearradh leathchruinn half-round cutting · **sliseadh comhréidh** flat slicing · **gearradh ceathrún** quarter slicing
mailp dhualach bird's eye maple · **veinír chorónach** crown veneer

Ó chodanna áirithe den chrann a thagann veiníní maisiúla áirithe. Féach Fíor 25.8. Roghnaítear modh gearrtha a nochtann an snáithe tarraingteach san adhmad. I roinnt cásanna, ní bheadh an t-adhmad sin oiriúnach le húsáid mar adhmad soladach. Fabht atá sa bhurra, mar shampla, ach mar sin féin, bíonn patrún an-tarraingteach sa snáithe agus tagann veiníní an-deas ón adhmad burra. Féach Fíor 25.7.



25.7 Veiníní burra ar chófra



25.8 Veiníní maisiúla

Fotha

Is é an fotha an t-ábhar a ngreamaítear an veinír de. Adhmad soladach nó clár monaraithe, e.g. clár snáithíneach meándlúis (MDF) nó sraithadhmad, a bhíonn san fhotha. Is fearr a oireann na cláir mhonaraithe mar fhotha ná an t-adhmad soladach. Bíonn an baol ann go gcrapfadh an t-adhmad soladach nuair atá an veiníriú déanta, ach ní chrapfaidh na cláir mhonaraithe.

De ghnáth greamaítear veinír de thosach agus de chúl an fhotha. Mura ngreamaítear veinír den dá thaobh bíonn an baol ann go bhfreangfaidh an fotha. Féach Fíor 25.10. Veinír thosaigh a ghreamaítear den taobh a bheidh le feiceáil. Veinír chúil, nó veinír chothromaithe, a thugtar ar an veinír a ghreamaítear den taobh nach mbeidh le feiceáil. Ní bhíonn caighdeán na veiníre cúil chomh maith le caighdeán na veiníre tosaigh. Ní miste mura mbíonn cuma mhaith ar an veinír chúil, áfach, de bhrí nach mbíonn an veinír sin le feiceáil.



25.9 Cláir veinírithe agus fothaí



25.10 An chúis a úsáidtear veinír chúil

Veiníriú

Is é is veiníriú ann ná an próiseas a bhaineann le veinír a ghreamú d'fhotha. Tá go leor céimeanna éagsúla ag baint leis an obair seo, e.g. na veiníní a ghearradh go cúramach, na veiníní a shiúntáil go cruinn, agus na veiníní a mheaitseáil chun go mbeidh patrún deas ann agus na veiníní taobh lena chéile.

Veinír a Leacú

Má tá veinír agat nach bhfuil cothrom, is gá í a leacú sula ngreamaítear den fhotha í. Mura bhfuil sí cothrom, ní ghreamóidh sí i gceart den fhotha agus beidh pócaí aeir idir an veinír agus an fotha. Déantar an veinír a fhliuchadh go dtí go bhfuil sí tais agus cuirtear meáchan uirthi chun í a dhéanamh cothrom arís. Féach Fíor 25.11. Ná húsáid an iomarca uisce nó déanfar damáiste don veinír.



25.11 Veinír a leacú

burra burr · **coirnín** curl · **gabhal** crotch
clár snáithíneach meándlúis (SMD) medium-density fibreboard (MDF) · **sraithadhmad** plywood

freangadh warping · **veinír thosaigh** face veneer · **veinír chúil** backing veneer
veinír chothromaithe balancing veneer · **leacú** flattening

Veiníriú agus Maircíneacht

Veinír a Ghearradh

Cuirtear mata nó clár gearrtha faoin veinír nuair atá sí á gearradh. Le scian a ghearrtar an veinír. Úsáidtear an rialóir nó an chorr dhíreach lena chinntiú go ndéantar gearradh díreach. Déanann an rialóir taca do shnáithe na veiníre chomh maith sa chaoi is nach stróicfidh an veinír. Cinntigh go bhfuil an scian géar chun go ngearrfaidh sí tríd an veinír go héasca.



25.12 **Veinír a ghearradh**

Meaitseáil Veiníní

Cruthaítear patrúin tharraingteacha nuair a chuirtear dhá veinír (nó níos mó) taobh lena chéile, e.g. ar phíosa troscáin. Tá modhanna éagsúla ann le veiníní a mheaitseáil. Tá cuid de na patrúin is coitianta i bhFíor 25.14. Nuair a dhéantar veiníní a mheaitseáil, tá sé tábhachtach go dtagann snáithe an adhmaid le chéile go cruinn san áit a bhfuil an siúnta agus go bhfuil na veiníní ailínithe i gceart.



25.13 **Patrún muileata ar aghaidh tarraiceáin**



25.14 **Patrún meaitseála veiníní**

Ailíniú na Veiníní

Veiníní atá ailínithe i gceart



Veiníní nach bhfuil ailínithe i gceart



Siúntáil

Ní bheidh siúnta cruinn ann mura mbíonn imeall díreach ar an dá veinír agus iad taobh le taobh ar fhotha. Is minic a dhéantar na himill a bhearradh chun go mbeidh siad díreach. Úsáidtear na méara chun an dá veinír a choimeád taobh lena chéile agus téip á cur trasna an tsiúnta. Siúnta a dhéantar go cruinn, ní bhíonn sé le feiceáil go soiléir agus ní éalaíonn gliú amach tríd.



25.15 **Téip ar an siúnta**



25.16 **Veiníri a shiúntáil**

Veinír a Ghreamú den Fhotha

Úsáidtear greamachán nó úsáidtear veinír fhéinghreamaithe nuair atá veinír á greamú den fhotha. Sa dá chás, ní mór a chinntiú go bhfuil an fotha cothrom, glan agus saor ó lochtanna nó ní ghreamóidh an veinír i gceart de. Ní mór a chinntiú freisin go bhfuil an veinír féin cothrom sula ngreamaítear den fhotha í.

Greamacháin

Sna seanlaethanta is é an gliú ainmhíoch a d'úsáidtí go hiondúil le veinír a ghreamú d'fhotha. Sa lá atá inniu ann is iad an aicéatáit pholaivinile (APV) agus an greamachán teagmhála a úsáidtear go hiondúil. Féach Caibidil 18. Le scuab a chuirtear an greamachán ar an adhmad. Tá na greamacháin ar fáil i sprae-channaí chomh maith. Is greamachán an-áisiúil é an greamachán teagmhála mar go nascann sé an veinír agus an fotha le chéile go tapa agus ní gá crampaí a úsáid.

mata gearrtha cutting mat · **corr dhíreach** straight edge
meaitseáil leabhair book matching · **ceathrúnach** quartered
muileata diamond · **ailínithe** aligned

siúntáil jointing · **siúnta** joint · **greamachán** adhesive
gliú ainmhíoch animal glue · **aicéatáit pholaivinile (APV)** polyvinyl acetate (PVA)
greamachán teagmhála impact adhesive

Mar seo a leanas a úsáidtear greamachán teagmhála chun an veinír a ghreamú den fhotha.

1. **Cuir greamachán teagmhála ar an veinír agus ar an bhfotha. Fan go mothaíonn sé tirim.**



2. **Leag an veinír ar an bhfotha. Socraigh i gceart í. Úsáid rollóir nó casúr veiníre agus brúigh an t-aer as aon phócaí aeir.**



3. **Bearr aon fhuíolladhmad d'imeall na veiníre le scian.**



25.17 **Veinír a ghreamú le greamachán teagmhála**

Veiníní Féinghreamaitheacha

Próiseas simplí is ea veinír fhéinghreamaitheach a ghreamú d'fhotha. Níl le déanamh ach an páipéar cúil a bhaint den veinír agus an veinír a ghreamú den fhotha. Féach Fíor 25.18. Greamaíonn veiníní féinghreamaitheacha de réimse leathan ábhair ach iad a bheith glan agus tirim. Tá cinn ann a ghreamaíonn d'adhmad a bhfuil bailchríoch air cheana féin nó de mhiotal, mar shampla.



25.18 **Veiníní féinghreamaitheacha**

Ciumhaiseanna agus Trasbhandáil

Nuair a dhéantar léaráid de veiníní (maircíneacht), is minic a chuirtear stiall veiníre timpeall uirthi, mar a chuirfí fráma ar phictiúr. Cuireann an chiumhais sin cuma néata ar an léaráid.

Ciumhais Bhunúsach	Stiall Chodarsnachta	An Trasbhandáil
		



25.19 **Trasbhandáil**



25.20 **Stiallacha ornáideacha réamhdhéanta**

Tá cineálacha éagsúla ciumhaiseanna ann. Trasbhandáil a thugtar ar an stiall veiníre má tá snáithe na veiníre ag dul trasna na stéille. Is minic a bhíonn ciumhais trasbhandála le feiceáil ar throscán freisin, e.g. ar imeall táblaí agus ar chornchláir. Féach Fíor 25.20. Mar seo a leanas a chuirtear ciumhais ar léaráid a rinneadh de veiníri.

1. **Cuir téip timpeall ar imill na léaráide. Bíodh an téip ag gobadh amach thar na cúinní.**



2. **Leag na ciumhaiseanna anuas ar an téip.**



3. **Gearr na mítéir. Úsáid rialóir nó corr dhíreach agus scian.**



4. **Bearr an fuíolladhmad de na cúinní.**



5. **Tiontaigh an léaráid agus téipeáil na siúntaí.**



6. **Greamaigh an t-iomlán den fhotha agus bain an téip de.**



25.21 **Ciumhaiseanna a chur ar léaráid**

casúr veiníre veneering hammer · **féinghreamaitheach** self-adhesive
ciumhais border · **trasbhandáil** cross-banding · **stiall** strip · **mítéar** mitre

ciumhais trasbhandála cross-banded border

Maircíneacht

Úsáidtear veiníní agus píosaí de veiníní chun patrún nó pictiúr álainn a chruthú. Maircíneacht a thugtar air sin. Féach Fíor 25.23. Roghnaítear veiníní de chineálacha difriúla a rachaidh go deas lena chéile, e.g. péine agus gallchnó (de bhrí go bhfuil dath difriúil orthu) agus roghnaítear codanna de na veiníní a chuirfidh leis an bpatrún nó leis an bpictiúr, e.g. cuid de veinír a bhfuil patrún nó uigeacht ar leith sa snáithe. Tá modhanna difriúla maircíneachta ann.

Modh an Fhorleagtha

De réir mhodh an fhorleagtha, déantar veinír amháin a leagan anuas ar veinír eile ar dtús. Ansin, gearrtar tríd an dá veinír ag an am céanna. An píosa a gearradh amach as na veiníní, baintear amach as an veinír atá ar bun é agus fágtar bearna sa veinír ar bun. Cuirtear an píosa a gearradh amach as an veinír ar barr isteach sa bhearna. Má ghearrtar tríd an dá veinír go cúramach ba cheart go suífeadh an píosa ón veinír ar barr isteach go deas néata sa bhearna a fágadh sa veinír ar bun.

Modh an Fhorleagtha

1. Téipeáil an dá veinír agus an léaráid den mhata gearrtha. Oscail an léaráid (ar pháipéar). 	2. Cuir píosa de pháipéar carbóin faoin léaráid agus rianaigh imlíne na léaráide (an crann). 	3. Úsáid scian agus gearr cruth an chrainn amach as an dá veinír ag an am céanna. 
4. Cuir veinír B i leataobh agus bain cruth an chrainn amach as veinír A. Bain an téip de veinír A. 	5. Cuir an cruth a gearradh as veinír B isteach sa bhearna i veinír A. Cuir téip air. 	6. Cuir ciumhais ar an íomhá agus gliúáil an t-iomlán d'fhotha. 

Modh na Fuinneoige

Nuair a dhéantar maircíneacht de réir mhodh an fhorleagtha, ní bhíonn mórán smachta agat ar threo an tsnáithe sna píosaí veiníní a úsáidtear don phatrún nó don phictiúr. Nuair a úsáidtear modh na fuinneoige, cuirtear treo an tsnáithe san áireamh agus an patrún nó an pictiúr á ghearradh. Roghnaítear an píosa is fearr den veinír agus socraítear an veinír sa chaoi go n-oireann snáithe an adhmaid don phatrún nó don phictiúr.

Modh na Fuinneoige

1. Téipeáil an léaráid den mhata gearrtha. 	2. Fill siar an léaráid. Téipeáil veinír A den mhata gearrtha. 	3. Oscail an léaráid. Cuir píosa de pháipear carbóin fúithi agus rianaigh imlíne na léaráide (an piorra). 
4. Úsáid scian agus gearr imlíne an phiorra amach as veinír A. 	5. Bain cruth an phiorra amach as veinír A. Ansin cuir veinír B faoi veinír A. 	6. Úsáid imlíne an phiorra i veinír A (an fhuinneog) chun an cruth an phiorra a ghearradh as veinír B. 
7. Cuir an cruth a gearradh as veinír B sa bhearna i veinír A. Cuir téip air chun go bhfanfaidh sé ann. 	8. Gliúáil an t-iomlán d'fhotha. Bain na píosaí téipe de. Bearr an fuíolladhmad de na himill. 	

An Mhaircíneacht Chisealach

Bíonn cuma chéimnithe ar an maircíneacht chisealach. Roghnaítear veinír le haghaidh an chúlra agus roghnaítear veinír atá níos gile nó níos dorcha ná an cúlra le haghaidh an dearaidh (an patrún nó an pictiúr). Gearrtar an dearadh amach as an veinír sin agus greamaítear den chúlra é.



25.22 **An mhaircíneacht chisealach**



25.23 **Féileacán maircíneachta**



25.24 **Sampla den mhaircíneacht chisealach**

An Scrollsábh a Úsáid

Na cruthanna agus na patrúin a ghearrtar i veiníríi, is le scian ghéar nó le sceanóg a ghearrtar iad go hiondúil. Na cruthanna agus na patrúin is casta, áfach, is fearr scrollsábh nó crinnsábh a úsáid chun iad a ghearradh. Féach Fíor 25.25.

maircíneacht chisealach layered marquetry · **scrollsábh** scroll saw
sceanóg scalpel · **crinnsábh** fretsaw

Má ghearrtar veinír amháin leis an scrollsábh, bhíonn an baol ann go scoiltfeadh sí. Is gnách, mar sin, 'paca' veiníríi a dhéanamh. Sin é le rá go ndéantar cúpla veinír a théipeáil le chéile agus go ngearrtar an 'paca' sin leis an scrollsábh. Ní mór na veiníríi a ghearradh go mall agus go cúramach agus an scrollsábh in úsáid.



25.25 **Paca veiníriú a ghearradh le scrollsábh**

Páircíneacht

Páircíneacht a thugtar air nuair a úsáidtear píosaí de veiníríi chun cruthanna céimseatúla a dhéanamh. Imill dhíreacha a bhíonn ar na píosaí veiníre. Dá bhrí sin, úsáidtear scian agus rialóir nó corr dhíreach chun iad a ghearradh. Úsáidtear díreog go minic freisin agus na píosaí á ngearradh chun a chinntiú go bhfuil toisí na bpíosaí veiníre cruinn. Is iad na veiníríi a bhfuil snáithe díreach iontu na veiníríi is oiriúnaí don pháircíneacht. Úsáidtear an pháircíneacht chun troscán agus urláir a mhaisiú agus chun cláir táiplise móire agus cláir fichille a dhéanamh. Urlár iontlaise a thugtar ar urlár páircíneachta.



25.20 **Samplaí den pháircíneacht**

páircíneacht parquetry · **céimseatúil** geometric · **díreog** jig

Clár Fichille

Is minic gur an pháircíneacht a úsáidtear le clár fichille a dhéanamh. Roghnaítear dhá veinír a bhfuil dath difriúil orthu, e.g. mahagaine agus feá. Féach Fíor 25.28.



25.28 **Clár fichille**

Clár Fichille a Dhéanamh

1. Roghnaigh veinír gheal agus veinír dhorcha. Gearr 4 stiall den veinír gheal agus 5 stiall den veinír dhorcha.



2. Téipeáil na stiallacha le chéile. Cuir téip trasna gach siúnta ar dtús agus feadh gach siúnta ansin.



3. Gearr sraitheanna de chearnóga. Cinntigh go bhfuil gach uile chearnóg ar cóimhéid.



4. Bog gach re sraith mar atá san íomhá thíos agus téipeáil na sraitheanna de chearnóga le chéile. Gearr na cearnóga breise de.



5. Cuir ciumhais timpeall ar an gclár fichille. Greamaigh an t-iomlán den fhotha agus bain an téip de.



6. An clár fichille críochnaithe.



Inleagadh

Is bealach é an t-inleagadh le hadhmad soladach nó adhmad veinírithe a mhaisiú. Gearrtar eitre san adhmad agus cuirtear gliú isteach san eitre. Ansin déantar stiall, bandáil nó móitíf a inleagan san eitre. Le stoc scrabhaidh, le gúiste bearrtha nó le cuasphlána a ghearrtar na heitrí le haghaidh an inleagtha. Féach Fíor 25.29 agus Fíor 25.30.

Tá méideanna éagsúla stiallacha, bandálacha agus móitífeanna a bhfuil dathanna éagsúla orthu ar fáil le ceannach. Adhmad a bhíonn san ábhar inleagtha go hiondúil, e.g. boscadhmad, ach úsáidtear prás, plaisteach agus ábhair eile freisin. Roghnaítear inleagadh a bhfuil dath air a rachaidh go deas leis an adhmad atá á mhaisiú. Féach Fíor 25.31 agus Fíor 25.32.

Eitre a Ghearradh

An Stoc Scrabhaidh a Úsáid

Nuair atá eitre le haghaidh stiall inleagtha á gearradh agat leis an stoc scrabhaidh, déan cinnte go mbíonn an stoc scrabhaidh go dlúth le himeall an déantáin ar feadh an ama. Brúigh an stoc scrabhaidh síos agus brúigh feadh an déantáin é chun an eitre a ghearradh.

An Cuasphlána a Úsáid

Nuair atá eitre le haghaidh stiall inleagtha á gearradh agat leis an gcuasphlána, déan cinnte go mbíonn an treoraí go dlúth le himeall an déantáin ar feadh an ama. Bog an cuasphlána go réidh feadh an déantáin chun an eitre a ghearradh.



25.29 **Eitre a ghearradh le stoc scrabhaidh**



25.30 **Eitre a ghearradh le cuasphlána**

clár fichille chess board

inleagadh inlay · **eitre** groove · **bandáil** banding · **móitíf** motif
stoc scrabhaidh scratch stock · **giúste bearrtha** paring gouge · **cuasphlána** router

Veiníriú agus Maircíneacht



25.31 **Stiall adhmaid inleagtha i mbosca**



25.32 **Inleagadh nach adhmad é**

Úsáid an stoc scrabhaidh nó an cuasphlána chun na heitrí cuí a ghearradh sa déantán.

Cuir gliú san eitre agus brú an stiall isteach le casúr crosphéine nó leis na méara.

Gearrtar aon mhítéar sa stiall sula ndéantar an stiall a inleagan.



25.33 **Stiall boscadhmaid a inleagan**



25.34 **Bandáil mhítéaraithe**



25.35 **Obair ornáideach chúinne**

Móitífeanna

Maisiúchán is ea móitíf a chuirtear ar throscán go hiondúil chun cuma dheas a chur air. As veiníní i ndathanna difriúla a dhéantar na móitífeanna. Tá méideanna éagsúla móitífeanna agus cruthanna éagsúla ar fáil le ceannach. Déantar poll i gclár adhmaid agus ansin déantar an mhóitíf a inleagan ann. Féach na treoracha thíos.



25.36 **Móitíf**

Móitíf a Inleagan

1. Leag an mhóitíf ar an gclár adhmaid san áit ar mhaith leat í a inleagan. Téipeáil den chlár adhmaid í. Gearr imlíne na móitífe le scian.



2. Bain an téip agus an mhóitíf den chlár adhmaid. Úsáid siséal nó cuasphlána agus bain amach an fuíolladhmad. Bíodh doimhneacht an phoill níos lú ná doimhneacht na móitífe.



3. Cuir gliú isteach sa pholl agus brúigh an mhóitíf isteach ann.



4. Déan an mhóitíf a ghreanáil go dtí go mbeidh sí cothrom leis an gclár adhmaid.



casúr crosphéine crosspein hammer · **sábh tionúir** tenon saw
mítéarbhloc mitre block · **bandáil** banding

Scáthú Gainimh

Uaireanta cuirtear scáthú ar phíosaí veiníre agus ar mhóitífeanna chun doimhneacht a léiriú san íomhá nó sa phatrún. Chun scáthú a chur ar phíosa veiníre, tumtar é i ngaineamh te. Dónn an gaineamh te an veinír agus fágann sé sin scáth ar an veinír. Má fhágtar aon chuid den veinír istigh sa ghaineamh níos faide ná an chuid eile, beidh scáth níos dorcha ar an gcuid sin. Má tá aon chuid den veinír nach bhfuil scáthú le cur air, ní thumtar an chuid sin sa ghaineamh. Próiseas breá simplí é an scáthú gainimh a chuireann go mór le háilleacht an déantáin.

Scáthú Gainimh a Chur ar Mhóitíf

1. Cinntigh go dtéann an píosa veiníre nó an mhóitíf isteach sa pholl atá sa phíosa adhmaid.



2. Cuir gaineamh sa phota agus téigh ar an sorn é. Nuair atá sé te go leor leag an mhóitíf isteach ann.



3. Aon chuid den mhóitíf nach bhfuil le scáthú, bíodh sí ag gobadh amach as an ngaineamh.



4. Seiceáil dath na móitífe go rialta. Bog an mhóitíf timpeall. Bain amach í nuair atá an dath cuí uirthi.



5. Lig don mhóitíf fuarú. Ansin cuir gliú isteach sa pholl le haghaidh na móitífe.



6. Brúigh an mhóitíf isteach ann. Nuair atá an gliú triomaithe, déan greanáil ar an móitíf.



Bailchríoch a Chur ar Veiníriú

Nuair a chuirtear bailchríoch ar dhéantán a bhfuil veiníriú air, nó a bhfuil maisiúcháin inleagtha ann, ní mór an obair sin a dhéanamh go mall agus go cúramach. De bhrí go mbíonn píosaí éagsúla adhmaid agus veiníriú i gceist, bíonn dromchla an déantáin míchothrom agus is gá é a dhéanamh mín réidh sula gcuirtear ola nó vearnais air.

Baintear na píosaí téipe den déantán ar dtús. Úsáidtear an scríobaire caibinéid chun aon phíosaí gliú nó píosaí téipe atá fágtha a bhaint den dromchla agus tosaítear ag déanamh an dromchla cothrom. Féach Fíor 25.37. Ansin úsáidtear páipéar gainimh an-mhín chun an dromchla a dhéanamh mín. Le snáithe an adhmaid a dhéantar an ghreanáil.



25.37 **Scríobaire caibinéid a úsáid**

Is fiú a chinntiú nach gcuirtear an iomarca brú ar na veiníriú, go háirithe na veiníriú imill agus na cúinní. Dá gcuirfí an iomarca brú ar na veiníriú, bheadh baol ann go ndéanfaí greanáil tríd an veinír ar fad nó go dtarraingeofaí píosaí veiníriú nó stiallacha imill den fhotha.

Ola agus vearnais is mó a úsáidtear mar bhailchríoch ar veiníriú. Féach Fíor 25.38.

Déan greanáil ar dhromchla an déantáin.

dromchla míchothrom



dromchla cothrom



Cuimil an ola ar an déantán chun go gclúdófar an dromchla ar fad leis an mbailchríoch.



25.38 **Bailchríoch ola a chur ar dhromchla veiníriú**